# Bain triail as!

## *Corpoideachas a theagasc trí mheán na Gaeilge*

### Content and Language Integrated Learning

**An bhfuil rang a trí, rang a ceathair agat?**

Ar mhaith leat iarracht a bhaint as Corpoideachas (Snáithe: Cluichí) a theagasc trí mheán na Gaeilge le do rang ar feadh tréimhse deich seachtaine le linn na scoilbhliana?

Tá an cur chuige seo bunaithe ar an gcur chuige 'Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga' nó *Content and Language Integrated Learning*. Is é atá i gceist le CLIL ná "a dual-focused educational approach" ina múintear ábhar agus teanga i dteannta a chéile trí mheán na sprioctheanga (Coyle, Hood and Marsh, 2011, lth.1).

Is gá do mhúinteoirí: "balance two instructional missions at once, that is, to consider both the mastery of content and the learning of language as equally important goals within the context of learning an additional language" (Cammarata, 2010, lth.93).

Ní gá duit a bheith líofa chun tabhairt faoin obair seo.

Mar thoradh ar thaighde a deineadh i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach (Language learning through physical education: An exploration in the primary school, 2013):

a) Tháinig feabhas ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge
b) Bhain na páistí agus an múinteoir araon taitneamh agus sásamh as an taithí.
c) Cruthaíodh nasc níos dearfaí idir an Ghaeilge agus an corpoideachas.
d) Go minic, tharla an fhoghlaim go neamh-chomhfhiosach – foghlaim na teanga agus foghlaim an chorpoideachais.

Cuirfidh sé ionadh ort an dul chun cinn a dhéanfaidh tú/sibh, ach go háirithe ó thaobh na Gaeilge de!

Seo a leanas fianaise ó mhúinteoir a ghlac páirt sa taighde: "it definitely increased their understanding in Irish, and their ability to use Irish"

agus ó pháiste: "when my cousins come down to my Granny's, there's the park beside it, so we play there, and by an accident I got mixed up with the English and the Irish, and I started shouting out loads of Irish …and they were both staring at me going, 'what is she saying? …I was saying, 'Brostaigh', and 'Tabhair dom é', and 'Dúisigí', and all these other words".

Beidh na ceachtanna go léir, maraon le cluichí, le treoracha sonracha agus le moltaí ar fáil duit ar an suíomh idirlín seo www.curriculumdevelopmentunit.com/ > PROJECTS > Corpoideachas trí Ghaeilge.

An mbeadh mórán oibre i gceist dá mbainfeá triail as?

Is gá duit roinnt pleanála a dhéanamh chun do bhóthar a stiúradh, chun foghlaim a chinntiú agus chun dul chun cinn a chinntiú.

**Moladh 1** – cuspóirí foghlama a aithint don Ghaeilge agus don chorpoideachas roimhré.

**Moladh 2** - teanga an chluiche agus teanga na cumarsáide le linn an chluiche a aithint agus a theagasc sa seomra ranga roimhré.

**Moladh 3** – múnlóireacht a dhéanamh ar an teanga le linn na gcluichí agus i rith an lae ar scoil chun deis a thabhairt do na páistí an teanga a chloisteáil agus chun úsáid cheart na teanga a chinntiú.

**Moladh 4** – an teanga atá le foghlaim a chur ar luaschártaí sa seomra ranga / sa halla (prionta sa timpeallacht).

**Moladh 5** – gach deis a thapú an Ghaeilge sna ceachtanna seo a úsáid go

**Maith an cailín / buachaill.**

**Go hiontach ar fad!**

**Ar fheabhas.**

**Nár laga Dia thú / sibh!**

**Mo cheol thú / sibh!**

**An-iarracht go deo!**

**Bhí sibh thar barr.**

**COMHGHAIRDEAS!**

# / Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga

neamhfhoirmiúil i rith an lae chun an teanga a threisiú.

Iarrtar ort a bheith aireach go bhfuil na páistí ag foghlaim teanga agus scileanna corpoideachais.

Don chéad chúig seachtaine, moltar duit, rang amháin Gaeilge in aghaidh na seachtaine a úsáid don obair seo agus ansin ó Sheachtain 6 go Seachtain 10, am an chorpoideachais a úsáid. Moltar duit tús a chur leis an rang Gaeilge/Corpoideachais sa seomra ranga agus an teanga a bheidh riachtanach a theagsc agus ansin leanúint ar aghaidh go dtí an clós/halla.

Beidh gach eolas ar fáil ar bhonn seachtainiúil ar an suíomh seo www.curriculumdevelopmentunit.com/ > PROJECTS > Corpoideachas trí Ghaeilge.

Áiseanna eile a bheadh cabhrach duit: Lámha in Airde (Conchúr Ó Muimhneacháin 2010) ar fáil ar www.lamhainairde.ie/.

Beidh fáilte is fiche roimh aiseolas nó moltaí nó tuairimí uait faoi do thaithí.

Cammarata, L. (2010). *Foreign language teachers struggle to learn content-based instruction*. L2 Journal 2 (1).

Coyle, D., Hood, P. and Marsh, D. (2011). CLIL: *Content and language integrated learning*. Cambridge: Cambridge University Press.

**Siobhán Ní Mhurchú**, *Léachtóir i Múineadh na Gaeilge, An Roinn Teanga, Litearthachta agus Matoideachais, Dámh an Oideachais Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.*

**Rug mé ort!**